Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4342

15.7.2024

**Caingean arna tabhairt an 4 Meitheamh 2024 – Gürok Turizm ve Madencilik v EUIPO – Lavalle Martínez (LavalleGlass)**

**(Cás T-293/24)**

(C/2024/4342)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Gürok Turizm ve Madencilik AŞ (Kütahya, an Tuirc) (ionadaithe: M. López Camba, E. Seijo Veiguela agus J. Vicente Martínez, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Joaquín Lavalle Martínez (Son Caliu, an Spáinn)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'LavalleGlass' – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 605 751

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 4 Aibreán 2024 i gCás R 1310/2023-2

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

— a ordú do EUIPO agus do Joaquín Lavalle Martínez na costais a íoc.

## Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.